Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Bealtaine 2026**
**(OR. en)**

**9302/26**

**JAI 590**
**SCHENGEN 9**
**SCH-EVAL 22**
**FRONT 94**
**IXIM 111**
**MIGR 134**
**ASILE 46**
**ENFOPOL 174**
**COMIX 112**
**CORDROGUE 65**
**VISA 52**
***CH***
***IS***
***LI***
***NO***

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 18 Bealtaine 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 150 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE EORPACH, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA EORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN<br>Tuarascáil 2026 ar Staid Schengen |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 150 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 150 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 18.5.2026
COM(2026) 150 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE EORPACH, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA EORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**Tuarascáil 2026 ar Staid Schengen**

{SWD(2026) 150 final}

GA GA

# TUARASCÁIL AR STAID SCHENGEN 2026

## 1. SCHENGEN I nDOMHAN ATÁ AG ATHRÚ: COMHDHLÚTHÚ AGUS ULLMHACHT DO DHÚSHLÁIN A BHEIDH ANN AMACH ANSEO

Ó seoladh timthriall Schengen in 2022 ([1]), tá **formhaoirseacht agus forbhreathnú staide straitéiseach cuimsitheach** ar limistéar Schengen tugtha sa tuarascáil bhliantúil ar Staid Schengen. Trí anailís chomhtháite agus léargais fhianaisebhunaithe, tá clár oibre beartais comhleanúnach réamhbhreathnaitheach le haghaidh Schengen múnlaithe ag an tuarascáil. Tá sí tar éis aird pholaitiúil leanúnach i gComhairle Schengen a áirithiú, tá sí tar éis tacú le socrú éifeachtach tosaíochtaí, agus tá sí tar éis rannchuidiú le rannpháirtíocht níos comhordaithe maidir le hábhair Schengen.

Leanann limistéar Schengen de bheith athléimneach, agus déantar **iarrachtaí comhchoiteanna** ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta a bhfuil **torthaí coincréiteacha bainte amach mar thoradh orthu**. Cuimsítear leo sin laghdú ar thrasnuithe neamhdhleathacha teorann agus ar ghluaiseachtaí tánaisteacha laistigh de limistéar Schengen, comhar trasteorann a neartú, agus méadú ar fhilleadh éifeachtach na ndaoine sin nach bhfuil aon cheart acu fanacht san Aontas.

D’ainneoin na n-éachtaí inbhraite, leantar de bhearnaí nach mór aghaidh a thabhairt orthu go práinneach a shainaithint le meastóireachtaí Schengen. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin i gcomhthéacs **thimpeallacht gheopholaitiúil mhíshocair** an lae inniu agus **tírdhreach slándála** atá ag éirí níos casta, ina n-éilítear freagracht chomhchoiteann chun a áirithiú go mbeidh limistéar Schengen fós slán, aontaithe agus athléimneach.

**Leis na tosaíochtaí don chúigiú timthriall Schengen (2026-2027), díreofar ar an méid seo a leanas: an méid atá bainte amach a chomhdhlúthú, aghaidh a thabhairt ar na bearnaí atá fós ann, agus ullmhacht a fheabhsú** chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo. Is deis straitéiseach é an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) eile chun tacú a thuilleadh le hinfheistíocht leanúnach spriocdhírithe in athchóirithe a rannchuidíonn le limistéar Schengen dea-fheidhmiúil.

Trí dhíriú ar chomhdhlúthú agus ar ullmhacht, leanfaidh an tAontas de cheann de na héachtaí is inbhraite atá bainte amach aige a sholáthar: limistéar Schengen atá slán, aontaithe agus athléimneach i bhfianaise na ndúshlán atá ag teacht chun cinn.

## 2. AN TUARASCÁIL AR STAID SCHENGEN 2026: AN TRÁTH LE hAGHAIDH COMHDHLÚTHÚ

### 2.1. Gné sheachtrach Schengen: cur chuige straitéiseach maidir le beartas víosaí an Aontais

In 2025 bhí limistéar Schengen fós ar an gceann scríbe ba mhó ar tugadh cuairt air ar domhan, agus mheall sé níos mó ná 790 milliún taistealaí. D’eisigh Stáit Schengen 10 milliún víosa, agus bhí rochtain gan víosa ag níos mó ná 60 tír ar limistéar Schengen. Mar chéad líne an Aontais den scagadh slándála, tá **an comhbheartas víosaí** ríthábhachtach do shlándáil na hEorpa, agus cuidíonn sé le himirce neamhrialta, coireacht eagraithe agus

([1]) Tá timthriall Schengen bunaithe ar chreat tuairiscithe agus leantach bliantúil ina bhfuil na hionstraimí seo a leanas: an Tuarascáil ar Staid Schengen, ina leagtar amach na príomhthosaíochtaí polaitiúla agus oibríochtúla chun Comhairlí ráithiúla Schengen a threorú; baraiméadar Schengen+ lena dtugtar léiriú staide tráthrialta dhá uair sa bhliain ar fhorbairtí ar fud an limistéir, agus leas á bhaint as rannchuidithe ó na Ballstáit agus ó ghníomhaireachtaí de chuid an Aontais; agus Scórchlár Schengen, cf. fonóta 60. Cuireann Comhordaitheoir Schengen an Choimisiúin tacaíocht ar fáil d’fheidhmiú foriomlán an timthrialla trí rannpháirtíocht struchtúrtha dhéthaobhach agus iltaobhach leis na Ballstáit.

sceimhlitheoireacht a chosc. Déanann sé rochtain ar Schengen a éascú do thaistealaithe *bona fide* freisin agus áirithíonn sé caidreamh iontaofa le tíortha comhpháirtíochta atá bunaithe ar rialacha an Aontais a urramú agus ailíniú leo.

I mí Eanáir 2026, ghlac an Coimisiún an chéad **Straitéis Víosaí AE** riamh ([2]), ina leagtar amach creat le haghaidh beartas víosaí lena gcuirtear leasanna fadtéarmacha an Aontais chun cinn, lena neartaítear an tslándáil ar fud limistéar Schengen, lena gcothaítear rathúnas agus iomaíochas an Aontais, agus lena gcuirtear seasamh agus athléimneacht an Aontais chun cinn ar an leibhéal domhanda.

Leagtar amach sa Straitéis **clár oibre uaillmhianach agus gníomhaíochtaí coincréiteacha** a chuideoidh le gné sheachtrach Schengen a neartú. Sa timthriall Schengen seo, díreofar ar chreat measúnúcháin nua a fhorbairt ina mbeidh critéir shoiléire maidir le stádas saor ó víosa a dheonú do thíortha comhpháirtíochta, rud a chuideoidh le leasanna straitéiseacha an Aontais ar bhealach níos éifeachtaí, agus díreofar freisin ar athbhreithniú spriocdhírithe ar an gcód víosaí a ullmhú chun slándáil an Aontais a neartú. Chun iomaíochas domhanda an Aontais a fheabhsú a thuilleadh, cothóidh an Straitéis comhpháirtíochtaí le príomhthíortha comhpháirtíochta freisin chun tallann dhomhanda a mheaitseáil ar bhealach níos fearr le riachtanais mhargadh saothair an Aontais. Sa chomhthéacs sin, is céim thábhachtach i dtreo tallann a mhealladh agus comhar comhthairbheach a threisiú é an chéad Oifig Eorpach um Thairseacha Dlíthiúla san India ([3]) a oscailt. Ba cheart díriú anois ar a chur i bhfeidhm rathúil agus ar Oifigí Eorpacha um Thairseach Dlíthiúla a mhacasamhlú i bpríomh-chomhpháirtithe eile.

Thairis sin, fógraíodh sa Straitéis bearta spriocdhírithe chun tacú le cumas na mBallstát an **próiseas víosaí** a bhainistiú go héifeachtach. Léirítear i meastóireachtaí Schengen agus i ngníomhaíochtaí faireacháin 2025 go bhfuil an scrúdú ar iarratais ar víosaí láidir go ginearálta agus go bhfuil próisis bunaithe chun cinnteoireacht ardcháilíochta a áirithiú. Cé go ndearnadh bearta móra chun moilleanna a laghdú maidir le coinní víosa a dheonú agus iarratais ar víosa a phróiseáil, tá moilleanna fós ar chonsalachtaí in áiteanna áirithe. Dá bhrí sin, cuideoidh cur chun feidhme na Straitéise freisin leis na Ballstáit líon ard iarratas a bhainistiú, go háirithe le linn buaicthréimhsí, mar shampla trí chórais TF a chur i bhfeidhm le haghaidh bainistiú teorainneacha chomh maith le tacaíocht thiomnaithe ó Frontex chun oiliúint a chur ar fáil d'oifigigh chonsalacha agus chun cúnamh a thabhairt maidir le calaois doiciméad a fhíorú agus a bhrath.

### 2.2. Teorainn sheachtrach chomhtháite le haghaidh limistéar Schengen slán

Tá gá le forairdeall leanúnach in aghaidh rioscaí geopholaitiúla atá ag teacht chun cinn chun slándáil teorainneacha seachtracha Schengen a choinneáil ar bun agus chun a áirithiú an tráth céanna go n-urramófar cearta bunúsacha ([4]).

I lár mhí Dheireadh Fómhair 2025, thosaigh Stáit Schengen ar an g**Córas Dul Isteach/Imeachta (EES)** a chur i bhfeidhm de réir a chéile, ceann de na córais bainistithe teorainneacha is forbartha ar domhan, lenar féidir náisiúnaigh tríú tír a chlárú agus faisnéis fíor-ama a roinnt faoi cé a thrasnaíonn teorainneacha an Aontais, cathain agus cá háit, chomh maith le faisnéis faoi dhiúltú cead isteach. Le linn tús céimneach 6 mhí, léirigh an córas tairbhí soiléire do shlándáil shaoránaigh an Aontais trí stop a chur le coirpigh, le pasadóirí agus le calaoiseoirí doiciméad teorainneacha a thrasnú faoi chéannachtaí bréagacha nó le doiciméid bhréige. Ó seoladh é, chláraigh Stáit Schengen níos mó ná 60

([2]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le straitéis AE um Beartas Víosaí, COM(2026) 43 final, an 29 Eanáir 2026.

([3]) Tairseach Dhlíthiúil an Aontais (https://eu-legal-gateway.eu/).

([4]) An Chomhairle Eorpach, *Cruinniú den Chomhairle Eorpach* (19 Márta 2026) - *Conclúidí*, EUCO 1/26, an 19 Márta 2026.

milliún iontráil agus imeacht náisiúnach tríú tír. Ina theannta sin, taifeadadh breis agus 30 000 diúltú cead isteach sa chóras toisc nár comhlíon siad na coinníollacha maidir le dul isteach. I measc na gcásanna sin, measadh go raibh beagnach 800 duine ina mbagairt ar an tslándáil inmheánach agus diúltaíodh cead isteach do bheagnach 7 000 taistealaí toisc gur fhan siad rófhada i limistéar Schengen([5]) . Ó cuireadh tús le hoibríochtaí EES, tháinig méadú ar sheiceálacha méarlorg laethúla i gCóras Faisnéise Schengen (SIS) agus sa Chóras Uathoibrithe um Shainaithint Méarlorg (AFIS) a rinne na Ballstáit uile ó thart ar 17 000 go dtí thart ar 87 000.

Le linn an túis chéimnigh, chuir formhór mór Stáit Schengen EES chun feidhme go héifeachtach, agus sháraigh formhór na Stát na tairseacha clárúcháin is gá. Níor feidhmíodh an rogha oibríochtaí EES a chur ar fionraí go sealadach, go hiomlán nó go páirteach, ach i gcás líon teoranta cásanna. Bhí dúshláin roimh roinnt Stát Schengen a bhain le bonneagar, mar shampla le feidhmiú na gcóras féinfhreastail, leis an acmhainneacht na sonraí bithmhéadracha a chlárú go hiomlán agus le plódú eitiltí i sliotáin ama shonracha.

Cuireadh EES in úsáid ina iomláine in éineacht leis na feidhmiúlachtaí uile ag na pointí trasnaithe teorann uile i limistéar Schengen an 10 Aibreán 2026. Ar an iomlán, tá EES ag feidhmiú go héifeachtúil, agus is léir na tairbhí a bhaineann leis i dtaobh slándáil an Aontais. Chun cur chun feidhme EES a bharrfheabhsú a thuilleadh, moltar do na Ballstáit úsáid níos mó a bhaint as uathoibriú ag na teorainneacha ([6]), a áirithiú go ndéantar líon leordhóthanach gardaí teorann agus bainisteoirí sreafa a imscaradh, agus bonneagar, trealamh, treoraíocht agus oiliúint leordhóthanach a chur ar fáil. An tráth céanna, leanfaidh an Coimisiún, na Ballstáit agus páirtithe leasmhara iompair agus turasóireachta de dhlúthchomhordú a dhéanamh, go háirithe i bhfianaise thréimhse taistil an tsamhraidh.

Le seoladh **an Chórais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil** (ETIAS) atá le teacht, beidh céim phraiticiúil eile ann lena neartófar a thuilleadh cosaint theorainneacha seachtracha an Aontais. Leis sin, beifear in ann daoine a bhfuil rioscaí féideartha ag baint leo a shainaithint agus a mheasúnú, agus cuirfear cosc orthu dul isteach i limistéar Schengen, agus taisteal rianúil á chaomhnú d’fhormhór mór na gcuairteoirí. Beidh luach soiléir ag baint le ETIAS toisc go ndéanfaidh sé measúnú riosca réamhthaistil a neartú agus sainaithint níos luaithe ábhar imní slándála féideartha a chumasú sula dtagann daoine chuig na teorainneacha seachtracha. Tá dul chun cinn á dhéanamh maidir leis na hullmhúcháin, agus tá iarrachtaí comhordaithe ar bun ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta chun cur i bhfeidhm éifeachtach ETIAS a áirithiú. Tá rannpháirtíocht luath pháirtithe leasmhara an tionscail taistil ríthábhachtach chun go n-éireoidh leis an iarracht sin.

Chomh maith leis an gcuid is mó de chórais TF nua-aimseartha, is gá **cumais láidre bhuana rialaithe teorann** a bheith i bhfeidhm chun slándáil ár dteorainneacha seachtracha coiteanna a chosaint. Braitheann na cumais sin ar threalamh leordhóthanach a bheith ar fáil agus ar ghardaí teorann leordhóthanacha dea-oilte ag teorainneacha seachtracha Schengen. Cé go ndearna roinnt Ballstát([7]) feabhsuithe in 2025 trí bhearta a dhéanamh chun leibhéil foirne a mhéadú, leanann ganntanais leanúnacha de dhifear a dhéanamh do phríomhfheidhmeanna([8]) mar gheall ar ghanntanas acmhainní agus easpa straitéisí struchtúrtha acmhainní daonna meántéarmacha agus fadtéarmacha.

Cé go bhfuil gá le tuilleadh iarrachtaí chun líon na ngardaí teorann oilte a mhéadú, in 2025 thacaigh an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex) leis na

([5]) Tá na huimhreacha sin cothrom le dáta go dtí an 20 Aibreán 2026.
([6]) Amhail bothanna réamhchlárúcháin, ríomhgheataí agus an feidhmchlár móibíleach ‘Travel to Europe’ arna fhorbairt ag Frontex a úsáid.
([7]) Go háirithe sa tSeicia, san Eastóin, sa Ghréig, sa Fhrainc, sa Chróit, san Iodáil, i Málta, san Ostair, sa Pholainn agus sa Rómáin.
([8]) Go háirithe sa Spáinn, sa Laitvia, sa Liotuáin, sa Phortaingéil, sa tSlóivéin agus sa tSlóvaic.

Ballstáit trí 18 453 phearsanra Buanchóir ([9]) a imscaradh, pearsanra a chuir cúnamh oibríochtúil, teicniúil agus lóistíochta ar fáil i 35 oibríocht ar fud na bpríomh-Bhallstát([10]). Tá togra reachtach á ullmhú ag an gCoimisiún le haghaidh 2026 chun sainordú Frontex a neartú a thuilleadh.

***Seiceálacha teorann***

Tá **seiceálacha teorann ardcháilíochta** ag teorainneacha seachtracha an Aontais fíor-riachtanach chun bagairtí tromchúiseacha slándála a chosc sula sroichfidh siad limistéar Schengen. Chuir roinnt Stát Schengen feabhas ar cháilíocht na seiceálacha teorann trí fhíorú níos comhsheasmhaí a dhéanamh ar choinníollacha maidir le dul isteach, agus trí úsáid níos mó a bhaint as uathoibriú([11]). Tá sé léirithe ag roinnt tíortha go bhfuil dul chun cinn mór déanta acu sa réimse sin. Mar shampla, d'éirigh leis an Rómáin uathoibriú nósanna imeachta tuairiscithe amais a chur chun feidhme óna ríomhgheataí go seiceálacha teorann ag an dara líne agus comhtháthú an chórais náisiúnta réamhaisnéise faoi phaisinéirí ina córas rialaithe teorann. Leis na bearta sin, is féidir seiceálacha teorann éifeachtúla ardcháilíochta a dhéanamh.

Mar sin féin, tá gá fós le tuilleadh iarrachtaí chun feabhas a chur ar úsáid éifeachtach bunachar sonraí de chuid an Aontais agus bunachar sonraí náisiúnta, chun bearta in aghaidh calaois doiciméad a neartú, feabhas a chur ar chomhar idirghníomhaireachta, agus fíorú bithmhéadrach a chur in úsáid chun na bearnaí atá ann cheana a dhúnadh agus an tslándáil a neartú ([12]).

In 2025, rinneadh meastóireacht Schengen amháin gan réamhfhógra agus sainaithníodh easnaimh thromchúiseacha maidir le hacmhainneacht an Bhallstáit([13]) a theorainneacha seachtracha a bhainistiú. Tar éis na meastóireachta, thionscain údaráis na mBallstát, le tacaíocht ó Frontex, bearta feabhais láithreacha.

***Faireachas ar theorainneacha***

Le meascán de sheiceálacha teorann láidre agus d'fhaireachas éifeachtach ar theorainneacha, baintear **an leibhéal cosanta is éifeachtaí** amach. Tá laghdú leanúnach ag teacht ar bhrath trasnuithe neamhdhleathacha ag teorainneacha seachtracha an Aontais le blianta beaga anuas, tá an líon tar éis titim go níos lú ná 180 000, rud a léiríonn laghdú breise os cionn 25 % i gcomparáid le 2024([14]). I roinnt Stát Schengen ([15]) , chuir faireachas feabhsaithe le rátaí braite níos fearr, le hagaí freagartha níos tapúla, le trasnuithe neamhdhleathacha laghdaithe, agus le feasacht staide fheabhsaithe. Treisíodh an chuid sin de theorainn talún Oirthear an Aontais go críochnúil freisin le gníomhaíochtaí faireachais comhtháite inbhuanaithe a fhaigheann tacaíocht ó chistí náisiúnta agus ó chistí an Aontais. Rinneadh infheistíochtaí móra in acmhainneachtaí ó thaobh faireachas ar theorainneacha

([9]) Cuimsítear leo sin acmhainní daonna ó chatagóirí 1, 2 agus 3. Is féidir acmhainn daonna amháin a imscaradh arís agus arís eile, agus is iad Oibríochtaí Comhpháirteacha na Gréige, na Spáinne agus na hIodáile samplaí den imscaradh is mó a rinneadh in 2025.

([10]) Frontex, *2025 in brief* [Frontex, 2025 i mbeagán focal]. (https://www.frontex.europa.eu/2025-in-brief/#under_hero_section).

([11]) Mar shampla: an Bhulgáir, an Fhrainc, an Ostair, an Pholainn, an Rómáin, an Fhionlainn agus an Eilvéis.

([12]) Cuir i gcás: sa Bhulgáir, sa Ghréig, sa Spáinn, sa Fhrainc, san Ungáir, sa Phortaingéil agus sa tSlóivéin.

([13]) Léiríodh i meastóireacht Schengen gan réamhfhógra sa Phortaingéil i mí na Nollag 2025 go raibh easnaimh thromchúiseacha ann maidir le seiceálacha a dhéanamh ag teorainneacha seachtracha ag Aerfort Liospóin.

([14]) *Frontex: Irregular border crossings down 26% in 2025, Europe must stay prepared* [Laghdú 26 % ar thrasnuithe teorann neamhrialta in 2025, ní mór don Eoraip a bheith ullamh i gcónaí] ( https://www.frontex.europa.eu/media-centre/news/news-release/frontex-irregular-border-crossings-down-26-in-2025-europe-must-stay-prepared-lyKpVb).

([15]) Amhail an Bhulgáir, an Eastóin, an Laitvia, an Liotuáin, an Ungáir, an Iorua, an Pholainn, an Rómáin agus an Fhionlainn.

de, lena n-áirítear trealamh nua a cheannach, trealamh atá ann cheana a athchóiriú agus úsáid níos mó a bhaint as ardteicneolaíochtaí, amhail aerárthaí agus soithí gan foireann, cumais raidió uasghrádaithe agus trealamh do-aistrithe nua.

D'ainneoin an dul chun cinn sin, tá **cumhdach faireachais agus comhtháthú na gcóras fós míchothrom** ar fud limistéar Schengen, rud a léiríonn bearnaí maidir le trealamh, cothabháil agus pleanáil straitéiseach. I roinnt Ballstát ([16]), níor bunaíodh cur chuige comhtháite maidir le faireachas ar theorainneacha go hiomlán go fóill, go háirithe a mhéid a bhaineann le luathbhrath daoine atá ag teacht isteach go neamhdhleathach, agus measúnú riosca fíor-ama.

Ar an gcaoi chéanna, agus **cumais náisiúnta agus Eorpacha** atá ann cheana mar dhúshraith, tá gá le tuilleadh dul chun cinn i dtreo léiriú staide atá go hiomlán comhtháite agus comhsheasmhach chun acmhainneacht na mBallstát a neartú chun faisnéis chuimsitheach agus cothrom le dáta a fhorbairt maidir le sreafaí imirce, líonraí smuigleála imirceach agus bagairtí atá ag teacht chun cinn. Bainfear é sin amach tríd an gan Córas Eorpach um Fhaireachas ar Theorainneacha (EUROSUR) a chur chun feidhme go héifeachtach, arb é cnámh droma teicneolaíoch agus oibríochtúil shlándáil teorann an Aontais é. Cuideoidh sé le feabhas a chur ar acmhainneacht limistéar Schengen déileáil le daoine a thagann isteach go tobann nó le bagairtí slándála atá ag teacht chun cinn. Le sineirgí níos dlúithe idir údaráis teorann agus Europol, neartófaí feasacht staide agus anailís riosca freisin agus chuirfí feabhas ar bhrath bagairtí coiriúla agus sceimhlitheoireachta trasteorann.

Chun athléimneacht ár dteorainneacha seachtracha coiteanna a neartú, tá gá le comhordú níos láidre idir na gníomhaithe uile a bhfuil baint acu le bainistiú teorainneacha, leis an imirce agus leis an bhfilleadh. Ó mhí an Mheithimh 2026 ar aghaidh, leis an nós imeachta um scagadh nua ag teorainneacha seachtracha an Aontais, beifear in ann gach náisiúnach tríú tír a dhéanann iarracht a theacht isteach san Aontas go neamhdhleathach a shainaithint agus a mheasúnú go pras. Sa chomhthéacs sin, tá sé tábhachtach go mbeidh na Ballstáit uile réidh chun na **rialacha nua maidir le scagadh** a chur chun feidhme chun a áirithiú go ndéanfar gach duine atá faoi réir scagadh a chur faoi réir an nós imeachta ábhartha ([17]). Beidh an creat sin ríthábhachtach don tslándáil agus do bhainistiú éifeachtach imirce san Aontas, agus déanfar measúnú ar a chur i bhfeidhm praiticiúil le linn mheastóireachtaí Schengen atá beartaithe don dara leath de 2026.

***Pleanáil theagmhasach***

Tá dul chun cinn mór déanta, anois tá **pleananna teagmhasacha** forbartha ag na Ballstáit uile maidir le bainistiú teorainneacha i gcás mórphlódú náisiúnach tríú tír ag teorainneacha an Aontais. Thairis sin, tá pleananna teagmhasacha bunaithe ag formhór mór na mBallstát ar bhonn measúnuithe riosca cuimsitheacha agus cásanna cuimsitheacha, agus níl ach trí thír([18]) fós i mbun pleananna den sórt sin a chur ar bhonn foirmiúil agus sé thír([19]) nach bhfuil tástáil déanta acu go fóill ar chur chun feidhme a bplean theagmhasaigh.

Go traidisiúnta, dhírigh creataí ullmhachta ar bhainistiú teorainneacha, ach ní mór dóibh próisis ghaolmhara eile a chomhtháthú ar bhealach níos fearr, go háirithe na próisis sin maidir le filleadh. Tá an ullmhacht náisiúnta fós míchothrom, agus tá sé ag éirí níos soiléire

([16]) Mar shampla: sa Danmhairg, sa Ghréig, sa Fhrainc, sa Chróit agus sa tSlóivéin.

([17]) Rialachán (AE) 2024/1356 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena dtugtar isteach scagadh ar náisiúnaigh tríú tír ag na teorainneacha seachtracha agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 767/2008, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240 agus (AE) 2019/817 (IO L, 2024/1356, 22.5.2024).

([18]) An Ghréig, an Spáinn agus an Ostair.

([19]) An Ghréig, an Spáinn, an Iodáil, an Ísiltír, an Ostair agus an Eilvéis.

nach leor a thuilleadh an méid a bhí leordhóthanach san am a chuaigh thart chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an lae inniu, go háirithe i bhfianaise na géarchéime leanúnaí sa Mheánoirthear. Léirítear i meastóireachtaí Schengen gur gá d'fhormhór na Stát Schengen ([20]) oibríochtaí um fhilleadh a chomhtháthú go hiomlán ar bhonn anailísí riosca. Chun aghaidh a thabhairt air sin, ní mór an phleanáil theagmhasach a bheith níos Eorpaí, agus ní mór creataí náisiúnta a ailíniú ar bhealach níos córasaí le huirlisí agus sásraí de chuid an Aontais agus iad a nascadh ar bhealach níos fearr le pleanáil na mBallstát comharsanachta. Leis sin, beifear in ann freagairtí comhchoiteanna níos tapúla, níos intuartha agus níos comhordaithe a thabhairt nuair a thiocfaidh brúnna chun cinn.

An tráth céanna, tá sé fíor-riachtanach aistriú ó chreataí pleanála foirmiúla den chuid is mó go córais atá comhtháite go hiomlán sa chleachtas laethúil agus atá in ann tacú le gníomhaíocht thapa chomhordaithe nuair a thagann géarchéimeanna chun cinn. Níor chuimsigh ocht Stát Schengen([21]) an fhéidearthacht tacaíocht Eorpach a úsáid ina bplean náisiúnta, níor chumhdaigh 11 Stát Schengen ([22]) comhordú le Frontex ina bplean náisiúnta, agus ní dheachaigh 10 Stát Schengen i gcomhairle le Ballstáit chomharsanachta maidir lena bplean teagmhasacha a bhunú ([23]) chun freagairtí comhchoiteanna níos tapúla, níos intuartha agus níos comhordaithe a chumasú nuair a thagann brúnna chun cinn.

Ina theannta sin, ní mór don Aontas Eorpach a bheith ullamh don bhagairt a d'fhéadfadh a bheith ann do shlándáil inmheánach an Aontais ó iarchomhraiceoirí Rúiseacha a ghlac páirt san fhogha faoin Úcráin. Tar éis chruinniú na Comhairle Eorpaí i mí an Mhárta 2026, ullmhóidh an Coimisiún measúnú ar bhealaí is féidir aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin.

Le timthriall Schengen 2026-2027, ba cheart leanúint de bheith ag díriú ar theorainn sheachtrach chomhtháite le haghaidh limistéar Schengen slán. Cuimsíonn an méid sin pleanáil theagmhasach threisithe agus feasacht staide threisithe, feabhas a chur ar sheiceálacha teorann agus ar fhaireachas ar theorainneacha go comhsheasmhach, lena n-áirítear trí úsáid iomlán a bhaint as córais TF, agus cur chun feidhme éifeachtach nósanna imeachta um scagadh a áirithiú.

### 2.2 Córais éifeachtacha um fhilleadh atá ina mbonn taca le sláine limistéar Schengen

Thar na blianta, tá filleadh tagtha chun cinn mar phríomhthosaíocht, a aithnítear mar ghné atá ina bonn taca le hinchreidteacht, éifeachtacht agus inbhuanaitheacht an chórais ina iomláine. Dá bhrí sin, is coinníoll bunúsach maidir le limistéar Schengen dea-fheidhmiúil é filleadh na ndaoine sin nach bhfuil ceart fanachta acu a áirithiú.

#### *Creat dlíthiúil nua maidir le córas coiteann Eorpach um fhilleadh*

Leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán nua maidir le Filleadh ([24]), tugtar aghaidh ar na príomhbhacainní struchtúracha a sainaithníodh i meastóireachtaí tréimhsiúla Schengen roimhe seo agus i meastóireacht théamach Schengen 2024 ar fhilleadh níos éifeachtaí. Is díol sásaimh don Choimisiún gur cuireadh tús leis an gcaibidlíocht

([20]) Go háirithe: An Bheilg, an Bhulgáir, an tSeicia, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Ghréig, an Spáinn, an Íoslainn, an Iodáil, an Chipir, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an Pholainn, an Phortaingéil, an tSlóvaic agus an tSualainn.

([21]) An Bheilg, an tSeicia, an Ghréig, an Spáinn, an Íoslainn, an Iorua, an Eilvéis agus an tSualainn.

([22]) An Bheilg, an tSeicia, an Danmhairg, an Eastóin, an Ghréig, an Spáinn, an Íoslainn, an Iodáil, an Ísiltír, an Ostair agus an tSualainn.

([23]) An Bheilg, an Danmhairg, an Ghréig, an Spáinn, an Íoslainn, an Iodáil, Málta, an Ísiltír, an tSlóivéin agus an tSualainn.

([24]) An Coimisiún Eorpach, Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear comhchóras maidir le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach san Aontas a fhilleadh, COM(2025) 101 final.

idirinstitiúideach agus tá sé réidh chun tacú le comhaontú deiridh lena bhfreastalófar ar riachtanais an Aontais.

An tráth céanna, bhí ról lárnach ag an gComhordaitheoir um Fhilleadh maidir le cur chuige níos comhleanúnaí agus níos straitéisí de chuid an Aontais a mhúnlú i ndáil le filleadh, rud a rinneadh tríd an Líonra Ardleibhéil um Fhilleadh trí mhalartuithe córasacha dea-chleachtas a chur chun cinn maidir le fillteacha chuig tríú tíortha tosaíochta atá íogair ó thaobh na polaitíochta de, chomh maith le náisiúnaigh tríú tír a bhí ag fanacht go neamhdhleathach agus lena mbaineann riosca slándála a fhilleadh. Go háirithe, rinneadh dul chun cinn tríd an Tascfhórsa um Staidreamh chun faireachán a fheabhsú agus feabhas a chur ar iontaofacht na sonraí maidir le filleadh. Thug an Comhordaitheoir tús áite freisin do chomhar a neartú maidir le mionaoisigh neamhthionlactha, lena n-áirítear trí mhalartuithe idir na Ballstáit agus trí fhéachaint ar chineálacha cur chuige comhpháirteach le tíortha comhpháirtíochta.

***Feabhsuithe oibríochtúla a dhéanann filleadh níos éifeachtaí***

Déantar éifeachtacht na mbeartas um fhilleadh a thomhas le torthaí inbhraite ar an láthair. In 2025, tugadh faoi deara treocht bheag aníos maidir le héifeachtacht na gcóras náisiúnta um fhilleadh i 17 Stát Schengen([25]) . Mar thoradh ar an dul chun cinn sin, tháinig **méadú ar an líon fillteacha éifeachtacha** in 2025, méadú 19 % i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Rannchuidigh athchóirithe reachtacha náisiúnta leis an dul chun cinn, lena n-áirítear na hathchóirithe sin a glacadh chun an Comhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann a chur chun feidhme. Thug Frontex tacaíocht mhór do na Ballstáit i réimse an fhillte. In 2025, d'imlonnaigh **Frontex** 140 Speisialtóir Fillte([26]) agus thacaigh sé le 63 500 filleadh éifeachtach, is é sin 42 % den mhéid iomlán, rud a dheimhníonn an treocht leanúnach aníos a tugadh faoi deara le blianta beaga anuas.

Tá gá le tuilleadh iarrachtaí ar fud na mBallstát uile chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann le cinntí um fhilleadh a eisiúint go tráthúil, nósanna imeachta([27]) a chuíchóiriú agus bearta a chur chun feidhme chun éalú agus gluaiseachtaí tánaisteacha neamhúdaraithe a chosc ([28]) . Baineann tábhacht ar leith leis sin nuair a bhítear ag déileáil le daoine aonair a bhféadfadh **rioscaí slándála** a bheith ag baint leo, a dteastaíonn rannpháirtíocht údarás éagsúil, saineolas speisialaithe agus bearta chun éalú a chosc ina leith ([29]). Nocht meastóireachtaí Schengen neamhréireacht idir an líon cinntí um fhilleadh a eisíodh agus an líon foláireamh um fhilleadh a cruthaíodh i gCóras Faisnéise Schengen, chomh maith le taisceadh neamhréireach na faisnéise ábhartha uile sa chóras ([30]) . Dá bhrí sin, tá sé fíor-riachtanach úsáid iomlán a bhaint as foláirimh SIS maidir le filleadh tríd an bhfaisnéis

([25]) An Bheilg, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Eastóin, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, an Chróit, an Íoslainn, an Iodáil, an Chipir, an Liotuáin, Lucsamburg, an Pholainn, an Phortaingéil, an Fhionlainn agus an tSualainn.

([26]) D'ainneoin an lín sin, tá dúshláin fós ann maidir le comhlíonadh na riachtanais Speisialtóirí Fillte a imlonnú mar gheall ar cheanglais arda inniúlachta teanga agus scileanna speisialaithe oibríochtúla.

([27]) Mar shampla: sa Spáinn, san Iodáil, sa Pholainn agus sa Phortaingéil.

([28]) Mar shampla: sa Spáinn, sa Phortaingéil, san Eilvéis.

([29]) Cf. Coimre 2026 na ndea-chleachtas a shainaithnítear faoi chuimsiú shásra meastóireachta agus faireacháin Schengen. Le linn a mheastóireachta Schengen, sainaithníodh mar dhea-chleachtas cur chuige na Bulgáire agallamh córasach a chur ar náisiúnaigh tríú tír a gabhadh agus iad a sheiceáil i mbunachair sonraí an Aontais agus i mbunachair sonraí idirnáisiúnta chun rioscaí slándála a d'fhéadfadh a bheith ann a bhrath.

([30]) De réir Airteagal 3(1) de Rialachán 2018/1860 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le húsáid Córas Faisnéise Schengen chun náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh (IO L 312, 7.12.2018), tá sé d'oibleagáid ar na Ballstáit foláireamh maidir le filleadh a chruthú tar éis cinneadh um fhilleadh a eisiúint.

ábhartha uile a chur isteach go córasach, amhail bithmhéadracht, grianghraif agus bratacha slándála.

Aithnítear níos mó go bhfuil **fhilleadh deonach** ina ghné lárnach de bheartas an Aontais um fhilleadh atá éifeachtach agus inbhuanaithe. Cé go bhfuil roinnt Ballstát([31]) tar éis bogadh i dtreo samhlacha níos réamhghníomhaí agus níos saincheaptha, tá an acmhainneacht iomlán maidir le filleadh deonach fós le baint amach trína chomhtháthú go comhsheasmhach i gcreataí náisiúnta um fhilleadh ([32]) .

Tá iarrachtaí déanta ag na Ballstáit **cumais oibríochtúla** a neartú, d'fhonn creataí oiliúna a fheabhsú([33]), acmhainní daonna breise a leithdháileadh ([34]) , agus comhordú idir na húdaráis náisiúnta a neartú ([35]). Tá gá le tuilleadh iarrachtaí chun tionchar leanúnach ar an bhfeidhmíocht oibríochtúil a áirithiú, go háirithe i gcás ina bhfuil easpa cumais leormhaithe agus leordhóthanacha fós ar cheann de na príomhbhacainní ar fhilleadh a dhéanamh ([36]).

Tá dul chun cinn á dhéanamh i roinnt Ballstát maidir le h**uirlisí agus córais oibríochtúla um fhilleadh a nuachóiriú** de réir a chéile([37]). Mar sin féin, níl an próiseas sin iomlán go fóill. Go háirithe, tá feabhas á chur fós ar chórais bainistithe cásanna um fhilleadh i roinnt Stát Schengen ([38]) , rud a chuireann i dtábhacht an gá atá le dlús a chur leis an gclaochlú digiteach mar ullmhúchán don chéad chéim eile de dhigitiú na nósanna imeachta um fhilleadh ar fud an Aontais agus don togra reachtach atá le teacht ón gCoimisiún sa réimse sin in 2026.

Ní mór **coimircí** láidre agus éifeachtacha a bheith ag gabháil leis an bpróiseas um fhilleadh **chun cearta bunúsacha a ráthú**. Léirítear in 2025 go bhfuil feabhas ginearálta tagtha ar cháilíocht agus cur i bhfeidhm na gcoimircí sin. Chuir roinnt Stát Schengen([39]) feabhas ar a bpróisis chinnteoireachta um fhilleadh chun prionsabal an *non-refoulement*, an ceart éisteachta, soláthar faisnéise leordhóthanaí agus rochtain éifeachtach ar leigheasanna a urramú. Mar sin féin, tá gá le tuilleadh iarrachtaí chun na feabhsuithe sin a chomhdhlúthú agus a choinneáil ar bun ([40]) , lena n-áirítear maidir le córais faireacháin ar fhilleadh éigeantach([41]), agus nósanna imeachta achomhairc le haghaidh cinntí um fhilleadh ([42]).

Beidh filleadh éifeachtach náisiúnach tríú tír fós ina phríomhthosaíocht i dtimthriall Schengen 2026-2027. In 2026, seolfar an nós imeachta teorann nua um fhilleadh faoin gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann. Dá bhrí sin, tá sé fíor-riachtanach go mbeidh na córais náisiúnta go hiomlán ullamh chun cur chun feidhme éifeachtach comhsheasmhach an Chomhshocraithe a áirithiú. Beidh ról lárnach ag cur chun feidhme iomlán tráthúil mholtaí mheastóireacht Schengen chun an cuspóir sin a bhaint amach.

([31]) Mar shampla: an Bheilg agus an Iodáil.
([32]) Cuir i gcás: sa Spáinn agus sa Phortaingéil.
([33]) An Bheilg, an Fhrainc agus an Iodáil.
([34]) Mar shampla: an Iodáil, an Liotuáin agus Málta.
([35]) Amhail san Fhionlainn.
([36]) Go háirithe sa Ghréig, sa Spáinn agus sa Phortaingéil.
([37]) Lena n-áirítear an Fhrainc agus an Chipir.
([38]) Amhail: an Bheilg, an Bhulgáir, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Ghréig, an Spáinn, an Íoslainn, an Iodáil, an Laitvia, Lichtinstéin, Lucsamburg, an Ungáir, Málta, an Phortaingéil, an tSlóivéin agus an tSlóvaic.
([39]) Amhail an Bheilg, Málta agus an Phortaingéil.
([40]) Mar shampla: an Ghréig agus an Ungáir.
([41]) Cuir i gcás: sa tSeicia, sa Ghearmáin, sa Spáinn, san Íoslainn, san Ostair agus sa Phortaingéil.
([42]) An Bheilg, an Bhulgáir, an tSeicia, an Eastóin, an Ghréig, an Spáinn, an Chróit, an Íoslainn, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ungáir, Málta, an Ísiltír, an Iorua, an Ostair, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Fhionlainn agus an tSualainn.

### 2.3 Comhar slándála inmheánaí

Tá comhar slándála inmheánaí fíor-riachtanach do Limistéar Schengen, toisc go soláthraítear leis bearta lena gcoinnítear sábháilteacht agus éifeachtúlacht forfheidhmithe dlí ar bun. Mar sin féin, léirítear i meastóireachtaí Schengen go bhfuil roinnt dúshlán fós ann.

***Malartú faisnéise éifeachtach slán***

Is gné lárnach de chóras slándála inmheánaí Schengen é malartú faisnéise. Tugadh faoi deara go bhfuil dul chun cinn ar leith déanta i 19 mBallstát a thug fógra faoi thrasuí iomlán na **Treorach maidir le Malartú Faisnéise**([43]), agus in 18 mBallstát ([44]) a bhfuil córais náisiúnta bainistithe cásanna bunaithe acu atá idir-inoibritheach leis an bhFeidhmchlár Líonra um Malartú Slán Faisnéise (SIENA). Mar sin féin, léirítear i meastóireachtaí Schengen 2025 bearnaí idir trasuí foirmiúil na Treorach agus éifeachtacht oibríochtúil. I ngach ceann de na cúig Bhallstát a ndearnadh meastóireacht orthu in 2025([45]), níor chomhlíon an Pointe Teagmhála Aonair ceanglais na Treorach ina n-iomláine go fóill, rud a fhágann go bhfuil malartú faisnéise trasteorann níos moille ann nach bhfuil chomh caighdeánaithe céanna agus a bhfuil baol earráide níos mó ag baint leis ná mar atá deartha.

Léirigh meastóireachtaí Schengen nach bhfuiltear ag baint na húsáide is fearr is féidir as feidhmiúlachtaí SIS ([46]). Mar shampla, sonraí bithmhéadracha a cheangal go córasach le foláirimh SIS, cuardaigh méarlorg arna gcur i bhfeidhm agus arna n-úsáid ag na húdaráis ábhartha uile, go háirithe le linn seiceálacha teorann agus ag údaráis imirce ([47]) , agus amais SIS a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht a chomhroinnt le Europol([48]), tá an méid sin neamhréireach go fóill. Os a choinne sin, na Ballstáit a bhfuil infheistíocht déanta acu in uathoibriú agus i gcomhtháthú córasach córas bainistithe cásanna agus bunachar sonraí náisiúnta, is léir go bhfuil torthaí oibríochtúla níos fearr á mbaint amach acu ([49]) .

Ina theannta sin, tá dúshláin struchtúracha ann a bhaineann le h**acmhainní daonna** agus **acmhainneachtaí teicniúla**. Tá ganntanais foirne i roinnt Ballstát([50]) ina n-oifigí N.SIS agus/nó ina mBiúrónna SI.RE.NE([51]), agus ag a bPointí Teagmhála Aonair, rud a dhéanann difear diúltach do leanúnachas gnó agus do cháilíocht an mhalartaithe faisnéise.

([43]) Treoir (AE) 2023/977 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 maidir le malartú faisnéise idir údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát, IO L 134, 22.5.2023. Leis an Treoir, bunaítear rialacha comhchuibhithe maidir le malartú leormhaith agus mear faisnéise idir na húdaráis forfheidhmithe dlí inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a bhrath nó a imscrúdú. Ó bhí mí Aibreáin 2026 ann, thug 19 mBallstát fógra faoi thrasuí iomlán na Treorach, agus thug ceithre Bhallstát fógra faoi thrasuí páirteach. Eisíodh tuairimí réasúnaithe do na trí Bhallstát eile (an Bheilg, an Eastóin agus an Spáinn).

([44]) An tSeicia, an Ghearmáin, Éire, an Ghréig, an Chróit, an Iodáil, an Chipir, an Laitvia, Lichtinstéin, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ísiltír, an Iorua, an Ostair, an Phortaingéil, an tSlóivéin, an Eilvéis agus an tSualainn.

([45]) An Bhulgáir, an Ostair, an Rómáin, an tSlóivéin agus an Eilvéis.

([46]) An Bheilg, an Bhulgáir, an Ghréig, an Ísiltír, an Iorua, an Ostair, an Pholainn, an Phortaingéil, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Fhionlainn agus an tSualainn.

([47]) Mar shampla, tugtar neamhréireachtaí faoi deara sa tSeicia, sa Spáinn, sa Fhrainc, san Íoslainn, sa Laitvia, sa Liotuáin, i Lucsamburg, san Ungáir, i Málta, sa Pholainn, sa Phortaingéil, sa tSlóivéin agus sa tSualainn.

([48]) Is saincheist fós é sin sna Ballstáit uile seachas an Ostair.

([49]) An Ghearmáin agus an Ostair.

([50]) An Bhulgáir, an tSeicia, an Danmhairg, an Eastóin, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, an Chróit, an Íoslainn, an Iodáil, an Chipir, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ungáir, Málta, an Ísiltír, an Ostair, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóivéin, an Fhionlainn agus an tSualainn.

([51]) Is éard atá i gceist le SIRENE iarraidh ar fhaisnéis fhorlíontach ag na bealaí isteach náisiúnta. Is gá do na Ballstáit a úsáideann SIS Biúró SIRENE náisiúnta a bhunú, biúró a bheidh oibríochtúil 24 huaire an chloig in aghaidh an lae, 7 lá na seachtaine agus a bheidh freagrach as faisnéis a mhalartú agus as gníomhaíochtaí a bhaineann le foláirimh SIS a chomhordú.

*Comhar i bhforfheidhmiú an dlí*

Léirítear go comhsheasmhach i meastóireachtaí Schengen go bhfuil na fondúireachtaí dlíthiúla agus institiúideacha le haghaidh comhar trasteorann i bhforfheidhmiú an dlí i bhfeidhm den chuid is mó ar fud limistéar Schengen, ach nach mbaintear dóthain úsáide as a n-acmhainneacht oibríochtúil fós. Is moil luachmhara iad na Lárionaid um Chomhar Póilíneachta le haghaidh comhar laethúil, ach leanann siad de bheith ag feidhmiú go príomha mar athsheachadáin faisnéise seachas mar chumasóirí oibríochtúla([52]).

Tugann **oibríochtaí comhpháirteacha** léiriú measctha. Is sampla láidir é an comhar trasteorann idir an Ostair agus an Ungáir den chaoi ar féidir uirlisí éagsúla ([53]) a chomhcheangal chun córas comhleanúnach amháin a chruthú. Mar sin féin, tá oibríochtaí comhpháirteacha i roinnt mhaith Ballstát fós frithghníomhach agus faoi thionchar comhpháirtithe. Tá níos lú oibríochtaí faireachais amach agus tóireacha ann go córasach ná oibríochtaí isteach, agus tá an bonneagar le haghaidh feasacht staide oibríochtúil chomhpháirteach in easnamh den chuid is mó.

Agus an Coimisiún ag obair go dlúth leis na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin agus ar dhúshláin eile, bhunaigh sé an **Sainghrúpa Neamhfhoirmiúil maidir le Comhar Oibríochtúil Trasteorann i bhForfheidhmiú an Dlí** chun dea-chleachtais a chomhroinnt, dúshláin choiteanna a shainaithint agus réitigh phraiticiúla a fhorbairt. Agus an obair atá déanta aige ina dhúshraith, ullmhóidh an Coimisiún staidéar chun comhaontuithe comhair atá ann cheana a leagan amach, lena gcuirfear bonn ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar an bhfuil an creat dlí bhoig atá ann cheana le haghaidh comhar trasteorann i bhforfheidhmiú an dlí fós leordhóthanach. Tá sé sin ag éirí níos ábhartha mar go bhfreagraíonn glao straitéis slándála inmheánaí an Aontais ([54]) chun Grúpa Ardleibhéil a bhunú maidir le todhchaí an chomhair oibríochtúil i bhforfheidhmiú an dlí go díreach don mhéid a fuarthas amach go comhsheasmhach i meastóireachtaí Schengen: tá na huirlisí atá ann cheana fónta den chuid is mó ach tá bunús dlí níos láidre ag teastáil ina leith. An tráth céanna, a bhuí leis na tograí atá le teacht chun **sainordú Europol** a neartú, is fearr a bheidh sé in ann tacaíocht oibríochtúil a chur ar fáil do na Ballstáit, lena n-áirítear trí anailís trasteorann, malartú faisnéise feabhsaithe agus gníomhaíochtaí comhordaithe in aghaidh bagairtí a dhéanann difear do limistéar Schengen a éascú.

Mar bhonn taca leis na hiarrachtaí sin uile, tá gá le cultúr gairmiúil comhroinnte atá bunaithe ar mhuinín fhrithpháirteach agus ar scileanna idir-inoibritheacha. Tá measúnú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an mbealach is fearr chun tacú le h**oiliúint i bhforfheidhmiú an dlí** trí Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL). Tá tábhacht ar leith ag baint le haghaidh a thabhairt ar bhearnaí maidir le réimsí speisialaithe amhail fóiréinsic dhigiteach, díchriptiú dleathach, agus ardanailísiú sonraí toisc go mbaintear leas níos mó agus níos mó as teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn le haghaidh coireachta, lena n-áirítear an intleacht shaorga.

*An staid ag teorainneacha inmheánacha*

Cuireann Schengen go mór le **dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh** agus le **rathúnas eacnamaíoch** an Aontais. De réir mar a thrasnaíonn earraí, oibrithe agus seirbhísí teorainneacha inmheánacha gan bhac, tá rath ar réigiúin trasteorann agus baineann

---

([52]) Moladh (AE) 2022/915 ón gComhairle an 9 Meitheamh 2022 maidir le comhar oibríochtúil i bhforfheidhmiú an dlí, IO L 158, 13.6.2022.

([53]) Comhaontuithe déthaobhacha, lárionaid chomhroinnte chomhordúcháin, agus an tArdán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla (EMPACT).

([54]) An Coimisiún Eorpach, 'An Straitéis Eorpach um an tSlándáil Inmheánach á cur i láthair ag an gCoimisiún' https://home-affairs.ec.europa.eu/news/commission-presents-protecteu-internal-security-strategy-2025-04-01_ga).

geilleagair náisiúnta tairbhe as ualaí riaracháin níos ísle agus barainneacht scála. Chun meastóireacht a dhéanamh ar 'éifeacht Schengen', choimisiúnaigh an Coimisiún staidéar ar na tairbhí a bhaineann le Schengen agus ar an gcostas a bhaineann le rialú teorann inmheánaí a athbhunú, staidéar a fhoilseofar sa dara leath de 2026.

In 2025, chuir 10 Stát Schengen síneadh le hathbhunú an rialaithe ag a dteorainneacha inmheánacha agus choinnigh siad an rialú ar bun ([55]), mar gheall ar ábhair imní maidir le himirce agus slándáil. Cuimsítear leo sin an éagobhsaíocht leanúnach feadh na bpríomhbhealaí imirce, gníomhaithe naimhdeacha stáit an imirce a úsáid mar uirlis troda, agus brú leanúnach na coireachta eagraithe trasteorann.

I gcás ina n-athbhunaítear rialú teorann inmheánaí, tá sé ríthábhachtach go ndéanfaidh na Ballstáit bearta chun **aon iarmhairt dhiúltach ar comaitéir trasteorann agus ar phobail a theorannú**. Dá bhrí sin, bhí ról tábhachtach ag idirphlé struchtúrtha Chomhordaitheoir Schengen leis na Ballstáit lena mbaineann, chomh maith leis an bpróiseas comhairliúcháin a tionscnaíodh faoi Chód Teorainneacha Schengen athbhreithnithe ([56]), chun torthaí praiticiúla a bhaint amach maidir le haghaidh a thabhairt ar thréimhsí feithimh ag na teorainneacha inmheánacha agus feabhas a chur ar chomhordú oibríochtúil agus ar mhalartú faisnéise. I bhformhór na gcásanna, bhain athbhunú rialuithe teorann inmheánaí le spotseiceálacha neamhchórasacha.

Cé go bhféadfadh ról a bheith ag rialú teorann inmheánaí maidir le haghaidh a thabhairt ar ábhair imní roinnt Ballstát maidir le himirce agus slándáil, tá **roghanna malartacha agus réitigh níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí** ar fáil. Go háirithe, d'fhéadfadh comhar oibríochtúil, malartú faisnéise agus seiceálacha laistigh den chríoch a bheith mar mhalairt ar rialuithe ag teorainneacha inmheánacha, go háirithe trí sheiceálacha póilíneachta neamhchórasacha nó sainaithint bhithmhéadrach shoghluaiste nó teicneolaíochtaí rianaithe feithiclí([57]). Le cur chuige oibríochtúil na Rómáine ag a teorainneacha inmheánacha leis an Ungáir agus leis an mBulgáir, soláthraítear samhail a d'fhéadfaí a mhacasamhlú i mBallstáit eile. Comhcheanglaíonn sé oibríochtaí comhpháirteacha faisnéisbhunaithe, seiceálacha póilíneachta spriocdhírithe rioscabhunaithe, patróil chomhpháirteacha, agus Lárionaid um Chomhar Póilíneachta lánfheidhmiúla.

Is féidir athligean isteach tapa imirceach neamhrialta a gabhadh i limistéir teorann a bhaint amach tríd an **nós imeachta aistrithe**, ionstraim a tugadh isteach le Cód Teorainneacha Schengen athbhreithnithe. Tá roinnt Ballstát([58]) i mbun socruithe praiticiúla a chomhaontú chun é a chur i bhfeidhm, agus tá Ballstáit eile fós ag brath ar chomhaontuithe déthaobhacha um athligean isteach atá ann cheana.

Ag féachaint chun cinn, le EES agus le teacht i bhfeidhm ionstraimí an Chomhshocraithe maidir le hImirce agus Tearmann atá le teacht, neartófar go mór na dálaí struchtúracha chun deireadh a chur de réir a chéile le rialuithe teorann inmheánaí. Cuirfidh an dá thionscnamh uirlisí oibríochtúla ar fáil do na Ballstáit chun brúnna imirce agus slándála ag

([55]) An Coimisiún Eorpach, 'Rialú teorann a athbhunú go sealadach' (https://home-affairs.ec.europa.eu/policies/schengen/schengen-area/temporary-reintroduction-border-control_ga).

([56]) Rialachán (AE) 2024/1717 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/399 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha, (IO L, 2024/1717, 20.6.2024).

([57]) Moladh (AE) 2024/268 ón gCoimisiún an 23 Samhain 2023 maidir le comhar idir na Ballstáit i ndáil le bagairtí tromchúiseacha ar an tslándáil inmheánach agus ar an mbeartas poiblí sa limistéar gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha, (IO L, 2024/268, 17.1.2024).

([58]) Deimhnítear i meastóireachtaí Schengen ar an Ostair, ar an Rómáin agus ar an tSlóivéin nach bhfuil tús curtha go fóill leis an gcaibidlíocht chun é a chur chun feidhme.

a dteorainneacha seachtracha a bhainistiú agus dul i ngleic le gluaiseachtaí neamhúdaraithe laistigh de limistéar Schengen.

Tá an Coimisiún tiomanta i gcónaí do sheasamh le prionsabail na saorghluaiseachta agus na slándála ar fud limistéar Schengen agus déanfaidh sé tuairimí a eisiúint go luath mar a leagtar amach i gCód Teorainneacha Schengen athbhreithnithe.


## 3. AN RUD IS TÁBHACHTAÍ MAIDIR LE COMHDHLÚTHÚ AGUS CUR CHUN FEIDHME MARTHANACH: RIALACHAS SCHENGEN

Sna céimeanna níos luaithe de lánpháirtiú Schengen, d'fhéadfadh an córas feidhmiú den chuid is mó trí ghnáthaimh sheanbhunaithe, comhar praiticiúil, agus toimhde láidir maidir le muinín idir na Ballstáit. Mar thoradh air sin, le rialachas Schengen, lena gcumhdaítear na réimsí uile, cumasaítear feidhmiú limistéar Schengen, agus is gnách ról tacaíochta seachas ról lárnach a bheith aige, agus an bhainistíocht laethúil ag brath níos mó ar chomhordú neamhfhoirmiúil ná ar chreat polaitiúil comhroinnte láidir.

Tá athrú ó bhonn tagtha ar an gcomhthéacs sin. Sa lá atá inniu ann, feidhmíonn Schengen i dtimpeallacht i bhfad níos casta agus níos déine, atá múnlaithe ag éagobhsaíocht gheopholaitiúil, bagairtí slándála nua agus cur isteach teicneolaíochta. Sa chomhthéacs sin, ní féidir éifeachtacht agus comhleanúnachas Schengen a bheith ag brath den chuid is mó ar shocruithe neamhfhoirmiúla a thuilleadh. Mar a aithnítear i nDearbhú Schengen([59]) , chun limistéar Schengen a threisiú faoi na coinníollacha atá ann faoi láthair, tá gá le rialachas atá níos struchtúrtha, níos comhchoitinne agus níos daingnithe ar an leibhéal polaitiúil, lena n-áiritheofar soiléireacht, comhordú agus treoir straitéiseach chomhroinnte. Dá bhrí sin, is é **rialachas náisiúnta Schengen a neartú** an príomhchoinníoll chun a áirithiú gur féidir le limistéar Schengen freagairt go héifeachtach do na dúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo araon.

### 3.1 Rialachas Schengen a neartú

Tugann Scórchlár Schengen 2025 ([60]) léargas éagsúil ar an gcaoi a gcuireann na Ballstáit le feidhmiú limistéar Schengen:





*Scórchlár Comhiomlánaithe mhí na Nollag 2025*

Cé gur léir go bhfuil dul chun cinn déanta i dtaobh go leor réimsí, tá éagothromaíochtaí fós ann, rud a fhágann go bhfuil bearnaí oibríochtúla agus slándála ann. An tráth céanna, nuair

([59]) Ghlac an Chomhairle Dearbhú Schengen an 12 Meitheamh 2025, lena n-athdhearbhaítear tiomantas na mBallstát sláine Schengen a chaomhnú; Comhairle an Aontais Eorpaigh, *Dearbhú Schengen*, arna ghlacadh an 12 Meitheamh 2025 (https://www.consilium.europa.eu/media/gjrnbywx/st10068en25.pdf).

([60]) Le Scórchlár Schengen comhiomlánaithe, tugtar scór do chur chun feidhme foriomlán na moltaí a eascraíonn as meastóireachtaí Schengen agus déantar iad a léirshamhlú do gach Ballstát Schengen. I gcomhréir leis an modheolaíocht a comhaontaíodh leis na Ballstáit i mí na Nollag 2023, tá sé struchtúrtha ina sé ghné beartais, agus tugann gach ceann acu aghaidh ar phríomhghnéithe d'fheidhmiú éifeachtach limistéar Schengen. Ar bhonn Scórchláir aonair Schengen lena sanntar scóir do na Ballstáit maidir le leibhéal cur chun feidhme na moltaí, léirítear leis an léirshamhlú an meánscór foriomlán in aghaidh na gné ar fud Schengen.

nach seastar le freagrachtaí go comhsheasmhach, is féidir an bonn a bhaint den mhuinín fhrithpháirteach idir na Ballstáit, rud a dhéanann difear do neart comhchoiteann agus d'aontacht limistéar Schengen([61]) . Ar an gcaoi chéanna leis na blianta roimhe sin, in 2025 bhí ról ríthábhachtach ag sásra meastóireachta agus faireacháin Schengen maidir le réimsí a shainaithint a bhféadfaí feabhas a chur orthu agus cultúr freagrachta comhpháirtí a chur chun cinn i measc na mBallstát. Leis an sásra, ina bhfuil níos mó ná 500 saineolaí ó Stáit Schengen uile rannpháirteach, is féidir easnaimh a shainaithint go héifeachtach agus go tráthúil, chomh maith le dea-chleachtais agus réitigh nuálacha. Cuirtear na dea-chleachtais sin le chéile i gCoimre thiomnaithe ([62]), lenar féidir réitigh úsáideacha a chur ar fáil agus a bheidh ina spreagadh do na Ballstáit.




*An líon saineolaithe roghnaithe in aghaidh an Bhallstáit do 2026*

Le gníomhaíochtaí meastóireachta 2025([63]), lena n-áirítear na gníomhaíochtaí faireacháin spriocdhírithe ([64]) agus an idirphlé faireacháin Schengen a seoladh le déanaí([65]) , cuireadh i dtábhacht gur gá do na Ballstáit a gcreataí náisiúnta rialachais Schengen a neartú, lena n-áiritheofar comhordú éifeachtach, pleanáil straitéiseach shoiléir, agus ailíniú iomlán idir tosaíochtaí náisiúnta, riachtanais oibríochtúla agus cistiú ón Aontas. Neartaigh na próisis sin cur chun feidhme laethúil Schengen, le tacaíocht ó mhalartuithe leanúnacha le Comhordaitheoir Schengen ([66]).

Tá dul chun cinn mór déanta ag roinnt Ballstát sa réimse sin, agus tá 12 Bhallstát ([67]) tar éis Comhordaitheoirí náisiúnta Schengen a cheapadh. Ina theannta sin, léiríodh **sa chéad**

([61]) Is réamhriachtanas le haghaidh Shásra Meastóireachta agus Faireacháin Schengen dea-fheidhmiúil é tuairisciú tráthúil cáilíochta a dhéanamh ar na bearta a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh le linn na meastóireachta.

([62]) Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin, *Coimre 2026 na ndea-chleachtas a shainaithnítear faoi chuimsiú shásra meastóireachta agus faireacháin Schengen*.

([63]) In 2025, chuir an Coimisiún an clár meastóireachta bliantúil chun feidhme as ar eascair tuarascálacha tíre Schengen ón mBulgáir, ón Ostair, ón Rómáin, ón tSlóivéin agus ón Eilvéis, cláir a ghlacfar go luath. An Coimisiún Eorpach, 'Meastóireachtaí agus faireachán Schengen' https://home-affairs.ec.europa.eu/policies/schengen/schengen-area/schengen-governance/schengen-evaluation-and-monitoring_ga.

([64]) Sa Ghréig, sa Fhrainc, san Iodáil agus sa Chipir.

([65]) Is é is aidhm don idirphlé sin feabhas a chur ar an bpróiseas chun meastóireacht agus faireachán a dhéanamh ar na Ballstáit caighdeáin Schengen a chur chun feidhme, dírítear leis ar thiomantas a chothú agus feabhas a chur ar rialachas náisiúnta Schengen trí phlé struchtúrtha faoi stiúir Comhordaitheoirí Tíre, aghaidh a thabhairt ar phríomhdhúshláin, tuairisciú tráthúil agus obair leantach ar mholtaí a áirithiú, agus malartuithe teicniúla a éascú chun saincheisteanna leanúnacha a réiteach.

([66]) Chuir na hiarrachtaí sin ar a chumas don Choimisiún measúnú a dhéanamh freisin ar an dul chun cinn atá déanta ag na Ballstáit. Tar éis na measúnuithe is déanaí ar thuarascálacha leantacha a chuir na Ballstáit isteach, cuireann an Coimisiún, trí na tuarascálacha seo, clabhsúr le pleananna gníomhaíochta Lucsamburg, na Portaingéile agus na Sualainne i réimse an bheartais víosaí, i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán maidir le Sásra Meastóireachta agus Faireacháin Schengen.

([67]) An Bheilg, an Bhulgáir, an tSeicia, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Chróit, an Chipir, an Laitvia, an Liotuáin, an Ostair, an Phortaingéil agus an Rómáin.

**mheastóireacht thréimhsiúil Schengen ar an Rómáin** tar éis í a lánpháirtiú go hiomlán i limistéar Schengen na torthaí a bhí ar shamhail rialachais Schengen chuimsitheach náisiúnta neartaithe, lena n-áirithítear ardleibhéal ullmhachta trí shocruithe institiúideacha, pleanáil straitéiseach, sásraí rialaithe cáilíochta náisiúnta, agus comhordú polaitiúil agus oibríochtúil araon a chomhtháthú.

D'ainneoin an dul chun cinn sin, tá dúshláin mhóra fós roimh roinnt Ballstát maidir le rialachas Schengen a chur chun feidhme go héifeachtach. Tá creataí rialachais Schengen fós ilroinnte, agus freagrachtaí scaipthe ar fud údaráis éagsúla agus gan feidhm chomhordaithe lárnach shoiléir acu. Léiríonn sé sin patrún níos leithne ina leantar de chur chun feidhme Schengen a bhainistiú trí shocruithe náisiúnta neamh-chomhtháite, gan freagrachtaí, comhordú ná formhaoirseacht a chomhtháthú go leordhóthanach.

Tosaíonn rialachas éifeachtach Schengen le **struchtúir láidre rialachais náisiúnta**, agus leas á bhaint as na hiarrachtaí atá déanta cheana féin ag an mBainistiú Comhtháite ar Theorainneacha Seachtracha ([68]). Tá ceithre phríomhghné léirithe ag na samhlacha rialachais náisiúnta is forbartha. Ar an gcéad dul síos, tá gá le **cur chuige comhordaithe** maidir le rialachas náisiúnta Schengen, lena n-áirítear na páirtithe leasmhara ábhartha uile a mhapáil agus a nascadh, róil agus freagrachtaí a shainiú go soiléir ar an leibhéal polaitiúil, riaracháin agus oibríochtúil, sásraí comhordúcháin foirmiúla a bhunú, agus Comhordaitheoir náisiúnta Schengen a ainmniú ag a mbeidh údarás formhaoirseachta leordhóthanach. Ar an dara dul síos, tá gá le **creat cuimsitheach straitéiseach** chun fís chomhleanúnach mheántéarmach agus fhadtéarmach a leagan amach maidir le feidhmiú limistéar Schengen, rud arb é an dúshraith a bheidh faoi na straitéisí earnála atá ann cheana. Ar an tríú dul síos, tá gá le **fís chomhleanúnach le haghaidh obair leantach oibríochtúil**, lena n-aistrítear cuspóirí straitéiseacha ina mbearta coincréiteacha lena ngabhann amlínte soiléire, freagrachtaí sannta, agus acmhainní iomchuí, lena n-áirithítear cur chun feidhme struchtúrtha, chun fíorthorthaí a bhaint amach. Ar deireadh, is gá **cumais leormhaithe** a bheith ag gabháil le rialachas náisiúnta láidir lena gcumasófar cur chun feidhme éifeachtach oibleagáidí Schengen. Trí na bearta sin a dhéanamh, is féidir leis na Ballstáit freagracht náisiúnta éifeachtach a áirithiú agus comhleanúnachas Schengen a neartú ar leibhéal an Aontais.

Tá níos mó i gceist ná ábhair imní náisiúnta aonair amháin toisc go mbraitheann neart limistéar Schengen ar fhreagracht gach Ballstáit i leith a chéile. Baineann fíorluach na meastóireachtaí lena gcumas torthaí a aistriú ina gconclúidí comhchoiteanna ar an leibhéal Eorpach. In 2026 leanfaidh an Coimisiún de thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit maidir leis an iarracht sin rialachas Schengen a neartú, trí shásra meastóireachta agus faireacháin Schengen, lena n-áirítear le gníomhaíochtaí meastóireachta sa Ghearmáin, sa Bheilg, san Ísiltír agus i Lichtinstéin([69]) . Tabharfar treoraíocht agus acmhainní do na Ballstáit freisin chun a gcreataí rialachais náisiúnta a neartú, mar aon le tacaíocht airgeadais faoi ghlao tiomnaithe de chuid na hIonstraime le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IBTV).

### 3.2 Cur chun feidhme Schengen trí chistiú spriocdhírithe ón Aontas

Ba cheart treisiú rialachas náisiúnta Schengen a bheith fite fuaite le húsáid straitéiseach a bhaint as cistiú ón Aontas. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin sna hullmhúcháin maidir leis an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile do 2028-2034. Cé go bhfuil sé fós faoi réir

([68]) Is é is aidhm don Bhainistiú Comhtháite ar Theorainneacha Seachtracha bainistiú comhleanúnach comhordaithe theorainneacha seachtracha an Aontais a áirithiú trí oibríochtaí comhpháirteacha, acmhainní comhroinnte agus comhpháirtíochtaí straitéiseacha.

([69]) An Coimisiún Eorpach, 'Meastóireacht agus faireachán Schengen - Imirce agus Gnóthaí Baile', https://home-affairs.ec.europa.eu/policies/schengen/schengen-area/schengen-governance/schengen-evaluation-and-monitoring_ga.

comhaontú ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, leis an togra ón gCoimisiún maidir le cistiú le haghaidh thionscnaimh Schengen laistigh den chreat, tugtar isteach fócas níos láidre ar fheidhmíocht agus ar úsáid straitéiseach a bhaint as cistiú ón Aontas. Sa chomhthéacs sin, rannchuideoidh **cistiú ón Aontas** le tacaíocht a thabhairt do rialachas agus gníomhaíochtaí náisiúnta Schengen, ar bhealach comhordaithe agus spriocdhírithe, agus é ailínithe go hiomlán le tosaíochtaí straitéiseacha mar a cinneadh le linn mheastóireachtaí Schengen.

De réir mar a leantar den phróiseas ullmhúcháin maidir leis an gcéad CAI eile, tá sé fíor-riachtanach na hathchóirithe struchtúracha a sainaithníodh i meastóireachtaí Schengen agus i dtosaíochtaí leathana Schengen a bunaíodh do thimthriall 2026-2027 a nascadh le cistiú ón Aontas a chlársceidealú i réimse na nGnóthaí Baile trí na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí chun cuspóirí de chuid an Aontais a aistriú ina gcláir oibre náisiúnta infheistíochta agus athchóirithe.

### 3.3 Limistéar Schengen a thabhairt i gcrích agus a leathnú

Tá Schengen ceaptha mar chreat coiteann, ina bhfuil feidhm chomhionann ag rialacha, caighdeáin agus freagrachtaí comhroinnte ar fud na mBallstát rannpháirteach uile.

I gcomhthéacs geopholaitiúil atá ag éirí níos casta, rannchuidíonn **an Chipir** go huathúil le feasacht staide chomhroinnte a neartú maidir le rioscaí agus deiseanna ina réigiún, agus taithí a chur ar fáil an tráth céanna lena neartaítear an acmhainneacht chomhchoiteann in ábhair teorann, imirce agus slándála. Sa chomhthéacs sin, rinne an Coimisiún gníomhaíocht faireacháin Schengen i mí na Nollag 2025 chun measúnú a dhéanamh ar staid ullmhachta na Cipire agus tacú leis na chéad chéimeanna eile i dtreo a haontachais iomláin le Limistéar Schengen. Rinneadh dul chun cinn mór in 2025, agus chuir údaráis na Cipire athchóirithe agus bearta móra chun feidhme i gcomhréir leis na caighdeáin Schengen is airde. Lean **Éire** dá hiarrachtaí chun a léiriú go bhfuil sí réidh na codanna de chreat Schengen a bhaineann le slándáil inmheánach limistéar Schengen a chur i bhfeidhm go hiomlán.

Tá sé chomh riachtanach céanna freisin leanúint den rannpháirtíocht struchtúrtha le tíortha an mhéadaithe a dhoimhniú. **Is iarrthóirí Schengen iad iarrthóirí an Aontais**, dá bhrí sin, tá sé fíor-riachtanach a áirithiú go mbeidh ullmhacht Schengen leabaithe go córasach i bpróiseas aontachais an Aontais. Is é an chéad chéim i dtreo bhallraíocht Schengen creataí láidre rialachais Schengen a bhunú ar an leibhéal náisiúnta. Is é sin an fáth a bhfuil **dlús curtha cheana féin ag an gCoimisiún lena rannpháirtíocht le tíortha an mhéadaithe**. In éineacht le Frontex agus saineolaithe ó na Ballstáit, thionóil an Coimisiún an chéad seisiún múscailte feasachta maidir le rialachas Schengen do thíortha an mhéadaithe i mí Feabhra 2026. Agus é á óstáil ag Montainéagró, cuireadh treoraíocht phraiticiúil ar fáil leis an tionscnamh seo maidir le struchtúir chomhordúcháin náisiúnta éifeachtacha a fhorbairt. Dheimhnigh sé freisin go bhfuil spéis mhór ag tíortha an mhéadaithe ann agus chuir sé i dtábhacht an breisluach a bhaineann le hullmhú luath struchtúrtha. An tráth céanna, tá fócas níos láidre ar ullmhúcháin luatha Schengen sa chaibidlíocht, ar dhlúthfhaireachán a dhéanamh ar fhorbairt agus cur chun feidhme Phleananna Gníomhaíochta Schengen i dtíortha an mhéadaithe, agus ar chúnamh teicniúil tírshonrach a chur ar fáil chun tacú le tíortha is iarrthóirí sa phróiseas sin.

## 4 NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Tríd an méid atá bainte amach a chomhdhlúthú agus aghaidh a thabhairt ar aon bhearna atá fós ann, áiritheofar go mbeidh limistéar Schengen fós airdeallach agus dea-ullmhaithe, ós rud é go bhféadfadh dálaí geopholaitiúla atá ag athrú go tapa difear mór a dhéanamh do dhinimic na himirce agus na slándála. Do thimthriall Schengen 2026-2027, iarrann an

Coimisiún ar Chomhairle Schengen na tosaíochtaí seo a leanas a fhormhuiniú ag an gcéad chruinniú eile a bheidh aici i mí an Mheithimh 2026.

**Gníomhaíochtaí tosaíochta cur chun feidhme do Thimthriall Schengen 2026-2027**

**1. Chun tacú le gné sheachtrach Schengen**

Ar leibhéal an Aontais déanfar an méid seo a leanas:

- **Athbhreithniú ar an gCód Víosaí** a mholadh agus bearta spriocdhírithe chun slándáil an Aontais a neartú.
- **Iomaíochas domhanda an Aontais** a fheabhsú, trí chomhpháirtíochtaí comhthairbheacha a fhorbairt a thuilleadh le príomhthíortha chun tallann a mhealladh le haghaidh na nuálaíochta.

**2. Chun teorainn sheachtrach chomhtháite a áirithiú le haghaidh limistéar Schengen slán**

Ar an leibhéal náisiúnta, is gá do thíortha Schengen an méid seo a leanas a dhéanamh:

- **Digitiú** nósanna imeachta agus forbairt córas mórscála TF a chur chun cinn, lena n-áirítear a n-idir-inoibritheacht. Leanúint den Chóras Dul Isteach/Imeachta a chur chun feidhme go héifeachtach, ag na pointí trasnaithe teorann uile, lena n-áirítear trí na feidhmiúlachtaí uile a chur in úsáid go leordhóthanach, agaí próiseála a laghdú, réitigh uathoibrithe ag na teorainneacha a mhéadú, agus feabhas a chur ar chlárú agus cáilíocht na bithmhéadrachta. A áirithiú go seoltar ETIAS ar bhealach dea-ullmhaithe, go ndéantar tástáil leormhaith air agus go bhfuil na hacmhainní is gá i bhfeidhm.
- Leanúint d’fheabhas a chur ar **cháilíocht agus éifeachtacht seiceálacha teorann** trí úsáid iomlán a bhaint as na córais atá ann cheana agus as a n-idir-inoibritheacht, chomh maith le tuilleadh forbairtí ar chumais náisiúnta maidir le faireachas ar theorainneacha, lena n-áirítear oiliúint agus bonneagar.
- Ardleibhéal **feasachta staide** agus tuiscint dhomhain ar bhagairtí agus ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn a áirithiú trí cheapadh beartas fianaisebhunaithe agus faisnéisbhunaithe a chomhdhlúthú.
- Cur chun feidhme éifeachtach an **Rialacháin maidir le Scagadh** a áirithiú, trí acmhainní agus cumais a leithdháileadh, lena n-áirítear sásra faireacháin neamhspleách a chur ar bun.
- **Pleanáil theagmhasach** a neartú agus a fhorbairt a thuilleadh chun cumais freagartha a mhéadú le linn géarchéimeanna agus ullmhacht níos fearr a áirithiú trí chur chuige níos Eorpaí a chur chun cinn.

**3. Chun feabhas a chur ar éifeachtacht na gcóras um fhilleadh**

Ar an leibhéal náisiúnta, is gá do thíortha Schengen an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Cur chun feidhme éifeachtach **an nós imeachta teorann um fhilleadh** a áirithiú.
- **Na hacmhainneachtaí agus na huirlisí oibríochtúla** is gá a neartú chun tacú leis an bpróiseas um fhilleadh agus um ath-imeascadh, lena n-áirítear cumais leordhóthanacha le haghaidh nósanna imeachta um fhilleadh, chomh maith le huirlisí agus córais a nuachóiriú amhail bainistiú cásanna um fhilleadh agus leas iomlán a bhaint as feidhmiúlachtaí Chóras Faisnéise Schengen.

- Leas a bhaint as **tacaíocht Frontex** agus aghaidh a thabhairt go gníomhach ar dhúshláin maidir le freastal ar riachtanais imlonnaithe le haghaidh Speisialtóirí Fillte.

**4. Chun an creat oibríochtúil a chomhdhlúthú le haghaidh comhar slándála inmheánaí**

Ar leibhéal an Aontais déanfar an méid seo a leanas:

- Obair an t**Sainghrúpa Neamhfhoirmiúil maidir le Comhar Oibríochtúil Trasteorann i bhForfheidhmiú an Dlí** a chur chun cinn trí aghaidh a thabhairt ar oibríochtaí comhpháirteacha, faireachas trasteorann agus cumarsáid shlán.
- Leanúint den **idirphlé struchtúrtha arna éascú ag Comhordaitheoir Schengen** leis na Ballstáit uile lena mbaineann nó a ndéanann rialuithe teorann inmheánaí difear dóibh, d'fhonn deireadh a chur de réir a chéile leis na rialuithe.

Ar an leibhéal náisiúnta, is gá do thíortha Schengen an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Cur chun feidhme dlíthiúil agus oibríochtúil na Treorach maidir le Malartú Faisnéise a thabhairt chun críche, lena n-áirítear trí **Phointí Teagmhála Aonair** lánfheidhmiúla agus trí úsáid chórasach Chórais Faisnéise Europol a chur chun cinn, amhail SIENA.
- Leas iomlán a bhaint as **feidhmiúlachtaí feabhsaithe** uile Chóras Faisnéise Schengen.
- Aghaidh a thabhairt ar riachtanais **acmhainní daonna agus acmhainneachta teicniúla (lena n-áirítear oiliúint agus bonneagar digiteach)** chun freastal ar riachtanais oibríochtúla.
- **An úsáid is fearr is féidir a bhaint** as na hionstraimí uile a chuirtear ar fáil le **Cód Teorainneacha Schengen athbhreithnithe** chun deireadh a chur de réir a chéile le rialuithe teorann inmheánaí. Tionscnaimh réigiúnacha comhair a dhoimhniú agus acmhainneacht oibríochtúil chomhpháirteach a neartú trí **chreataí um chomhar i bhforfheidhmiú an dlí a leathnú**.

**5. Chun rialachas Schengen a neartú**

Ar leibhéal an Aontais déanfar an méid seo a leanas:

- Comhdhlúthú an mhéid atá bainte amach agus cur chun feidhme na dtosaíochtaí a shainaithnítear sa tuarascáil seo a áirithiú, lena n-áirítear trí **phlé tírshonrach níos córasaí**, agus le cistiú straitéiseach faoin gcéad CAI eile.
- Aontachas na **Cipire** le limistéar Schengen a chur i gcrích.
- Na nósanna imeachta is gá a chur i gcrích chun rialacha Schengen a bhaineann leis an tslándáil inmheánach in **Éirinn** a chur chun feidhme ina n-iomláine.
- Leanúint de rannpháirtíocht láidir le **tíortha an mhéadaithe.**

Ar an leibhéal náisiúnta, is gá do Stáit Schengen an méid seo a leanas a dhéanamh:

- **Feabhas a chur ar chreataí rialachais náisiúnta Schengen**, rud arb é an dúshraith a bheidh faoi na hardsamhlacha rialachais náisiúnta, agus iad uile faoi fhormhaoirseacht **Chomhordaitheoir** náisiúnta ainmnithe **Schengen**.